CEACHT 1

AG SÚGRADH

A. Athdhéanamh ar chuid den fhoclóir a múineadh sa chúrsa Imir agus Abair,

m.sh. doras, cófra, lón, mála, etc.

Abairtí úsáideacha i ngnáthchaint na scoile a chleachtadh.

m.sh. Cad is ainm duit/Cén t-ainm atá ort?
Conas atá tú/Cén chaoi a bhfuil tú?

B. **Cloisteáil, Aithint, Aithris**

Bunchomhrá

Seo é Colm. Seo í Nuala. Tá liathróid ag Colm. Tá an liathróid mór. Tá an liathróid go deas. Tá Colm agus Nuala ag súgradh.

C. **Cleachtadh**

Taispeáin dom Colm, Nuala.
Cé hé sin? Cé hí sin?
Céard/Cad é sin?
Céard/Cad atá ag Colm?
An bhfuil an liathróid mór? An bhfuil an liathróid beag?
An bhfuil an liathróid go deas?
An bhfuil na páistí ag súgradh?

D. **Leathnú**

Rann Liathróid, liathróid, liathróid ghlas,
Liathróid, liathróid, liathróid dheas,
Preab í, preab í, ar an bhféar,
Caith í, caith í, suas san aer.

Amhrán (An ceol ar théip)

An Liathróid

I

Céard (Cad) é sin?
Sin liathróid.
Tá sí mór.
Tá sí an-mhór.
Tá sí an-deas.

II

Céard (Cad) é sin?
Sin bábóg.
Tá sí mór.
Tá sí an-mhór.
Tá sí an-deas.

III

Céard (Cad) é sin?
Sin eitleán.
Tá sé mór.
Tá sé an-mhór.
Tá sé an-deas.